



IRISH RESEARCH COUNCIL
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn

**SCEÍM COMHALTACHTA IARDHOCHTÚIREACHTA NA COMHAIRLE UM THAIGHDE IN
ÉIRINN / RIALTAS NA hÉIREANN**

2017

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA



**AN ROINN | DEPARTMENT OF
OIDEACHAIS | EDUCATION
AGUS SCILEANNA | AND SKILLS**

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA

1. SAINMHÍNITHE

- 1.1 Ciallóidh **Maoirseoir Acadúil** an duine nó na daoine a bheidh freagrach as tacaíocht agus meantóireacht a dhéanamh ar an gComhalta, agus as caighdeán acadúil an taighde a dhéantar faoin gComhaltacht a chinntiú.
- 1.2 Ciallóidh **an Chomhairle** an Chomhairle um Thaighde in Éirinn (féach www.research.ie).
- 1.3 Ciallóidh **Comhalta** an duine a mbronnfar Comhaltacht air/uirthi.
- 1.4 Ciallóidh **Comhaltacht nó Comhaltacht Comhairle** Comhaltacht Iardhochtúireachta na Comhairle um Thaighde in Éirinn, de réir mar a leagtar amach sa Litir Thairisceana.
- 1.5 Ciallóidh **Maoiniú Comhaltachta** an maoiniú don Chomhaltacht.
- 1.6 Ciallóidh **Téarma an Mhaoinithe** an tréimhse idir dáta tosaithe oifigiúil agus dáta deiridh comhaontaithe na Comhaltachta.
- 1.7 **Institiúid Ard-Oideachais (IAO)** Chun críocha na gComhaltachtaí seo, is gá gurb ionann institiúid ard-oideachais in Éirinn (mar atá sainmhínithe i gclásal 1.8) agus institiúid: de réir bhrí Alt a hAon d'Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971; agus/nó bheith formheasta chun críche Thionscnaimh na dTáillí in Aisce; agus/nó bheith ag fáil maoiniú poiblí de shaghas éigin eile ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá liosta de na hInstitiúidí Ardoideachais in Éirinn atá incháilithe le fáil ar [láithreán gréasáin na Comhairle](#).²
- 1.8 Ciallóidh **Éire** Poblacht na hÉireann chun críche na dTéarmaí agus na gCoinníollacha seo.
- 1.9 Ciallóidh **Institiúid Ard-Oideachais Idirnáisiúnta nó IAO Idirnáisiúnta** comhlacht oideachais atá in ann Máistreacht agus/nó Dochtúireacht a bhronnadh, agus atá suite taobh amuigh d'Éirinn.
- 1.10 **Eagraíocht Déanta Taighde (EDT)** chun críocha na gComhaltachtaí seo, is ionann EDT incháilithe agus eagraíocht a bhfuil cumas inti aici cheana taighde a dhéanamh a leathnaíonn agus a fheabhsaíonn bonn taighde na hÉireann go hábhartha, agus atá in ann cumas neamhspleách tionscadail/cláir taighde a thionscnamh agus a stiúradh a léiriú, de réir mar a bhíonn formheasta ag an gComhairle. Tá liosta de na hEagraíochtaí Déanta [Taighde atá incháilithe le fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle](#).³
- 1.11 Ciallóidh **Tionscadal Taighde** an obair thaighde atá beartaithe ag an gComhalta ina (h)íarratas agus í formheasta ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn.

2. TÚS EOLAIS MAIDIR LEIS AN gCOMHAIRLE

- 2.1 Is é **bunchuspóir na Comhairle pobal taighde beoga agus cruthaitheach a chumasú agus a chothú in Éirinn**.⁴ Tá an Chomhairle ina gníomhaireacht de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna agus feidhmíonn sí faoi choimirce an Údaráis um Ard-Oideachas. Tá sé ina fheidhm lárnach ag an gComhairle tacú le taighde den scoth beag beann ar theorainneacha ar fud na ndisciplíní agus na gcéimeanna gairme go léir. Tá ról ar leith ag an gComhairle freisin maidir le tacú le taighde atá dírithe ar an tsochaí, agus tá comhpháirtíochtaí curtha ar bun aici ar fud an rialtais agus na sochaí sibhialta.
- 2.2 **Cuireann an Chomhairle chun cinn deiseanna gairme éagsúla do thaighdeoirí trí mheán comhpháirtíochta leis an earnáil fiontair agus leis an earnáil neamhadúil go ginearálta.**

3. CUR SÍOS AR CHOMHALTACHTAÍ IARDHOCHTÚIREACHTA RIALTAS NA hÉIREANN

- 3.1 Cuireann an Chomhairle dhá chineál Comhaltachta ar fáil trí Scéim Comhaltachta Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann. Níl cead ag iarratasóirí cur isteach ach ar aon Chomhaltacht amháin.

Cineál Comhaltachta	Tréimhse	Dáta Tosaithe Oifigiúil ⁵	Suíomh na Comhaltachta
Comhaltacht Iardhochtúireachta na Comhairle um Thaighde in Éirinn / Rialtas na hÉireann (1 bhliain)	12 mhí	Deireadh Fómhair 2017	IAO/EDT Éireannach

² http://www.research.ie/sites/default/files/eligible_heis_rpos_in_ireland.pdf chun sonraí a fháil.

³ http://www.research.ie/sites/default/files/eligible_heis_rpos_in_ireland.pdf

⁴ <http://www.research.ie/aboutus/about-irc>

⁵ Caithfear gach Comhaltacht a thosú ar 1 Deireadh Fómhair 2017.

amháin)			
Comhaltacht Iardhochtúireachta na Comhairle um Thaighde in Éirinn / Rialtas na hÉireann (2 bhliain)	24 mí	Deireadh Fómhair 2017	IAO/EDT Éireannach

3.1.1 Is é is aidhm do **Chomhaltacht Iardhochtúireachta na Comhairle um Thaighde in Éirinn / Rialtas na hÉireann**, rud ar a dtabharfar **Comhaltacht Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann** as seo amach, is é is aidhm di ná tacú le hiarratasóirí atá cáilithe go cuí i ngach disciplín a bhfuil sé i gceist acu gabháil do thionscadal taighde. Beidh **Comhaltacht Iardhochtúireachta de chuid Rialtas na hÉireann** ag na Comhaltaí. D'fhéadfadh na Comhaltachtaí seo a bheith ag duine ar feadh:

3.1.1.1 comhaltacht bliana, chun tráchtas dochtúireachta a ullmhú lena fhoilsiú trí réimse aschuir fhoilsithe ar ardchaighdeán: m.sh. monagraif, ailt a bhfuil piarmheasúnú déanta orthu, imleabhair curtha in eagar;

nó

3.1.1.2 comhaltacht dhá bhliain, chun tionscadal taighde nua a fhorbairt, nó tionscadal taighde lena léirítear *forbairt shuntasach* ar ábhar na dochtúireachta trí réimse aschuir fhoilsithe atá cuí, féideartha agus soiléir.

3.2 Déantar dámhachtainí faoi Scéim Comhaltachta Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann leis an gComhalta féin. Ach tabhair Clásail 5.6, 5.7 agus 7.2 thíos do d'aire.

4. **COMHALTAÍ**

4.1 Roghnófar comhaltaí le haghaidh dámhachtainí tar éis nós imeachta roghnúcháin a bheidh trédhearcach, bunaithe ar bhuanna, neamhchlaonta agus cothrom, agus a bhunófar ar phiarmheasúnú idirnáisiúnta. Cuirtear sonraí faoin bpróiseas agus faoi na critéir mheasúnachta ar fáil sa Treoir d'Iarratasóirí.

4.2 Ní mór do **Chomhaltaí Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann** na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

4.2.1 ní foláir gur bronnadh a gcéim dochtúireachta orthu taobh istigh den tréimhse cúig bliana roimh an 31 Márta 2017.⁶ Cuirfear dáta bronnta na céime san áireamh chun críocha an choinnill seo;

nó

4.2.2 ní foláir gur dearbhaíodh gur chomhlíon siad na ceanglais uile maidir le dámhachtain céime dochtúireachta, lena n-áirítear cosaint tráchtas/viva nuair a éilítear é sin, laistigh den tréimhse cúig bliana roimh an 31 Márta 2017⁷, ach nár bronnadh céim orthu fós. Cuirfear dáta bunaidh cosanta an tráchtas/viva san áireamh seachas dáta bronnta na céime chun críocha an choinnill seo.

agus

4.2.3 caithfidh go raibh sé/sí mar údar nó mar chomhúdar ar fhoilseachán foilsithe taighde amháin ar a laghad ar a ndearnadh athbhreithniú piaraí;⁷ nó aschur soiléirithe coibhéiseach maoiné intleachtúla;⁸ nó samplaí dá (h)obair taighde scríofa a chur ar fáil mar seo a leanas:

⁶ D'fhéadfaí síneadh na tréimhse cúig bliana seo a bhreithniú má fhaightear fianaise dhoiciméadach ar shos gairme incháilithe; cuirtear sosanna gairme ar feadh tréimhsí suas le 5 bliana san áireamh. I measc na sosanna gairme atá incháilithe tá: saoire mháithreachais, saoire atharthachta, saoire uchtaíoch, saoire thuismitheoireachta, saoire bhreiteachta fhaidreiseach, saoire chúramóirí.

⁷ Alt irisleabhair in irisleabhar idirnáisiúnta, nó páipéar nósanna imeachta comhdhála ar a bhfuil athbhreithniú piaraí déanta, agus atá foilsithe nó glactha le haghaidh foilsiú. Ní ghlactar le hailt atá seolta isteach nó atá á n-ullmhú.

⁸ Amhail iarratas comhdaithe ar phaitinn, paitinn dheonaithe, trádmarc, cóipcheart, dearadh tionsclaíoch, samhail fónais nó ciorcaid iomlánaithe. I gcás innealtóirí bogearraí a roghnaigh a mbogearraí a dháileadh saor in aisce seachas iad a chosaint trí IP, tá fianaise infhíoraithe ar íoslódáil shuntasach na mbogearraí seo inghlactha.

- cóip de chlár na n-ábhar óna t(h)rachtas dochtúireachta;
- caibidil amháin dá t(h)rachtas dochtúireachta agus;
- sampla breise amháin eile d'obair thaighde scríofa, de réir mar a mheasann an t-iarraitasóir a bheith cuí.

4.3 Comhaltaí lardhochtúireachta Rialtas na hÉireann:

- 4.3.1 ní ceadmhach go bhfuil ná go raibh **Comhaltacht lardhochtúireachta Rialtas na hÉireann**/na Comhairle ná **Comhaltacht lardhochtúireachta faoin Scéim Comhpháirtíochta Fiontair acu**;⁹
- 4.3.2 Ní ceadmhach go mbeidh siad fostaithe mar Thaighdeoir lardhochtúireachta ar feadh breis is 5 bliana amháin ar an 31 Márta 2017;¹⁰
- 4.3.3 ní ceadmhach gur ball buan foirne é/í in IAO/EDT Éireannach ná in IAO Idirnáisiúnta.
- 4.4 Féadfaidh Comhaltaí ó thír ar bith **Comhaltacht lardhochtúireachta Rialtas na hÉireann** a bheith acu. Ach ní mór do Chomhaltaí na scéime seo na rialacha seo a leanas a chomhlíonadh:
- 4.4.1 príomháit chónaithe a bheith acu in Éirinn (mar atá sainmhínithe) i rith thréimhse na Comhaltachta agus;
- 4.4.2 rialacháin inimirce an Stáit a chomhlíonadh agus tacaíocht a n-óstinstiúide a bheith acu maidir leis na rialacháin agus na riachtanais seo, murar náisiúnach de bhallstát den Aontas Eorpach (AE) iad.
- 4.5 I gcás na gComhaltachtaí uile, beidh na socruithe inimirce le socrú idir an Comhalta agus a (h)óstinstiúide, agus údaráis bhainteacha inimirce an Stáit. Féach <http://ec.europa.eu/euraxess/index.cfm/services/index> chun cúnaimh a fháil leis seo.
- 4.6 Tá glacadh leis an dámhachtain faoi réir na dTéarmaí agus na gCoinníollacha seo agus na Treorach d'Iarratasóirí, rudaí arb iad, i dteannta na Litreach Tairisceana agus na Foirme Glactha sínithe comhlánaithe, an bonn faoina gcoinníonn an Comhalta an dámhachtain agus/nó faoina ndéantar an dámhachtain a athnuachan.
- 4.7 Is faoi réir na dTéarmaí agus na gCoinníollacha seo a bhíonn Comhaltacht ag duine. Má sháraíonn comhalta aon cheann acu seo, cuirfidh an Chomhairle an chomhaltacht ar fionraí nó ar ceal agus/nó d'fhéadfadh sé go n-éileodh an Chomhairle ar an gcomhalta a leithéid d'íocaíochtaí a rinneadh leis/léi cheana a aisíoc.

5. STRUCHTÚR COMHALTACHTA

Luach na Comhaltachta

- 5.1 Is suas le luach iomlán €45,895 a bheidh **Comhaltacht lardhochtúireachta Rialtas na hÉireann** in aon bhliain fhaofa agus cuimseofar an méid seo a leanas ann:
- 5.1.1 tuarastal €31,275 in aghaidh na bliana (roimh cháin ioncaim agus asbhaintí sóisialta) taobh istigh de Théarma an Mhaoinithe;

⁹ Tá Comhaltaí a bhí fostaithe roimhe seo ar thionscadail a bhí á maoiniú ag an gComhairle i dteideal **Comhaltacht lardhochtúireachta Rialtas na hÉireann** a bheith acu.

¹⁰Ní chuirfear sosanna gairme incháilithe san áireamh nuair atá na 5 bliana á ríomh. Cuirtear sosanna gairme ar feadh tréimhsí suas le 5 bliana san áireamh.

- 5.1.2 ranníocaíocht an fhostóra d'Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC) ar chostas €3,365 (@ 10.75% den tuarastal);
- 5.1.3 ranníocaíocht phinsin fostóra, nuair is bainteach, ar luach €6,255 (@ 20% den tuarastal). Féach www.research.ie chun tuilleadh eolais a fháil ar cháilitheacht phinsin;
- 5.1.4 speansais incháilithe dhíreacha tacaíochta taighde le cur ar chumas an Chomhalta an Tionscadal Taighde a chur i gcrích, lena n-áirítear: soláthairtí riachtanacha taighde amhail tomhaltáin bheaga; teacht 'íoc mar a úsáidtear' ar bhonneagar taighde náisiúnta; bogearraí agus cruá-earraí atá ríthábhachtach don taighde¹¹ (le fáil le linn chéad bhliain na dámhachtana nó le linn na chéad trí mhí i gcás dámhachtain aon bhliana amháin; costais taighde cartlainne; leabhair agus irisí; taisteal agus páirt a ghlacadh i gcomhdhála; sainoiliúint agus/nó gnáthoiliúint scileanna disciplíneacha; costais foilseacháin agus scríofa amach. Tá suim bheacht na gcostas taighde díreach, incháilithe faoi réir leorfhírinní a dhéanamh sa togra taighde suas le €5,000 ar a mhéad in aghaidh na bliana. Ní mhaioineofar ach speansais dheimhnithe a thabhaítear i ndáiríre agus an Tionscadal Taighde á thabhairt chun críche, agus sonrasc curtha ar fáil ina leith taobh istigh de Théarma an Mhaoinithe.
- 5.1.5 saoire mháithreachais íochta ar aon dul le Polasaí na hÉireann [agus polasaí na Comhairle](#)¹² mar atá leagtha amach i gClasál 9.
- 5.2 Is é €45,895 an méid uasta is ceadmhach a chaitheamh i mbliain amháin de **Chomhaltacht Iardhochtúireachta de chuid Rialtas na hÉireann**, móide aon iarmhéid nár caitheadh de chostais dhíreacha incháilithe tacaíochta taighde a thugtar ar aghaidh ón mbliain roimhe sin den Chomhaltacht i gcás dhámhachtain 2 bhliain. Amach uaidh seo, ní ceadmhach cistí a thabhairt ar aghaidh ó bhliain amháin go bliain eile.
- 5.3 Ní ceadmhach don institiúid ardoideachais ná don eagraíocht déanta taighde in Éirinn aon airgead arna chur ar fáil ag an gComhairle mar chuid de Chiste **Chomhaltachtaí Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann** a úsáid chun forchostais ná costais riaracháin a chlúdach.
- 5.4 Ní chuirfear an maoiniú ar fáil ach don Tionscadal Taighde a sonraíodh san fhoirm iarratais, agus más léir go bhfuil aon athrú suntasach tagtha ar an Tionscadal Taighde agus é á fhorbairt, ní mór toiliú na Comhairle a lorg roimh ré.
- 5.5 Níl speansais a thabhaítear taobh amuigh den Téarma Taighde incháilithe faoin gComhaltacht.
- 5.6 Cé go mbronntar an Dámhachtain ar an gComhalta aonair, déantar an ciste comhaltachta a riar tríd an oifig chuí san IAO/EDT Éireannach.

Cánachas

- 5.7 Beidh an Chomhaltacht faoi réir Dhlí na hÉireann um na Coimisinéirí Ioncaim.
- 5.8 Is faoin gComhalta, an IAO/EDT agus Coimisinéirí Ioncaim na hÉireann a bheidh sé comhlíonadh dhlí na hÉireann agus na rialachán náisiúnta ar chánachas a shocrú¹³.

6. COINNÍOLLACHA NA COMHALTACHTA

Suíomh na Comhaltachta

- 6.1 Ní mór do Chomhaltaí a bheith cleamhnaithe le hInstitiúid Ardoideachais incháilithe in Éirinn (mar atá sainmhínithe in 1.7), nó le hEagraíocht Déanta Taighde incháilithe (mar atá sainmhínithe i gClasál 1.10).

¹¹ Amach ón eisceacht seo, ní ceadmhach airgead Comhaltachta a úsáid chun nithe caipitil a cheannach.

¹² http://www.research.ie/sites/default/files/irish_research_council_maternity_leave_policy_final_2016.pdf

¹³ Tá roinnt eolais úsáidigh ar chánachas ar fáil ag <http://www.euraxess.ie/academic/page.aspx?SP=155>.

- 6.2 Tá cead ag Meantóir Acadúil IAO/EDT Éireannach tacú le breis is comhalta amháin faoi gach cineál Comhaltachta Iardhochtúireachta atá ar fáil i ngairm 2017. Maoiníonn an Chomhairle um Thaighde in Éirinn comhaltaí aonair chun tionscadail bhunaidh taighde a chur i gcrích. I gcásanna go dtacaíonn an Meantóir Acadúil le breis is comhalta amháin, caithfidh na tionscadail taighde a bheith uathúil agus nuálach, gan forluí suntasach i gceist.
- 6.3 Caithfidh gach ósteagraíocht a bheith in ann treoir agus meantóireacht ghairmiúil a chur ar fáil don chomhalta, agus teacht a chur ar fáil ar áiseanna nó sonraí turgnamhacha.
- 6.4 Ní ceadmhach comhaltachtaí a choinneáil ná leanúint díobh in eagraíocht ar bith eile seachas an ósteagraíocht agus leis an taighdeoir/na taighdeoirí atá sonraithe san fhoirm iarratais, gan toiliú na Comhairle a fháil *roimh ré*.
- 6.5 Caithfidh comhaltaí a bheith i láthair go dáiríre ina ranna/scoileanna faoi seach ina n-ósteagraíocht i rith na Comhaltachta, agus cónaí orthu taobh istigh d'fhad réasúnta taistil ón ósteagraíocht.
- 6.6 Tugann an Chomhairle ar chomhaltaí agus meantóirí teagmháil rialta a dhéanamh lena chéile.
- 6.7 D'ainneoin fhorálacha 6.5 agus 6.6, tuigeann an Chomhairle go mb'fhéidir go mbainfeadh an comhalta leas as seal den Chomhaltacht a chaitheamh amach óna (h)ósteagraíocht. Mar shampla:
- 6.7.1 freastal ar chúrsaí a bhaineann le hoiliúint an chomhalta. Ní gnách leis an gComhairle a leithéid de chúrsaí a cheadú i gcásanna ina mairfidís ar feadh tréimhse atá níos faide ná aon téarma acadúil amháin, agus ní faoin gComhairle a bheidh sé aon táille nó aon chostas breise a bhaineann lena leithéid de chúrsaí a íoc;
- 6.8 Nuair a tharlaíonn neamhláithreacht dá leithéid a bhaineann le taighde, agus má mhaireann sí ar feadh tréimhse is faide ná ceithre seachtaine, is gá don chomhalta iarratas a dhéanamh chuig an gComhairle chun cead a fháil roimh ré, agus tacaíocht scríofa a m(h)eantóra acadúla a chur in éineacht leis an iarratas. Beidh teimpléad ar fáil chun na críche seo arna iarraidh sin. Ní bheidh an Chomhairle faoi dhliteanas aon táille ná aon chostais a thabhfófar. Caithfear taifead a choinneáil ar aon dul chun cinn a dhéantar in aon turas a bhaineann le taighde mar chuid de na tuairiscí riachtanacha ar dhul chun cinn.
- 6.9 Cé go bhfuil an Chomhairle ag súil leis go gcuirfidh comhaltaí a gcuid taighde i gcrích san ósteagraíocht a bhí beartaithe ar an gcéad dul síos, tuigeann an Chomhairle go bhféadfadh imthosca eisceachtúla a bheith ina gcúis le hathrú ar an suíomh nó athrú meantóra. Sa chás sin, is gá don chomhalta agus don mheantóir/ósteagraíocht bheartaithe nua scríobh chuig an gComhairle agus an cás ar son an athraithe a chur in iúl. Déanfaidh an Chomhairle machnamh ar an aighneacht de réir a tuillteanas, agus tabharfar freagra uirthi á chur in iúl cibé acu a leanfar nó nach leanfar den mhaoiniú faoi na socruithe nua.

Soghluaisteacht Taighde

- 6.10 Molann an Chomhairle ilghnéitheacht taithí go láidir taobh istigh de chéim iardhochtúireachta na forbartha gairm bheatha.
- 6.11 Is gnách go mbíonn comhaltaí nach bhfuil taithí iardhochtúireachta acu tacaithe ag ósteagraíocht dhifriúil amháin agus ag meantóir acadúil agus foireann taighde dhifriúil amháin, pé áit ar bainteach, seachas na daoine sin lena chríochnaigh siad ullmhú a PhD.¹⁴ Má tá eisceachtaí ón treoirlíne seo á n-iarraidh, beidh gá le fírinniú mionsonraithe acadúil faoin bhfáth arb é seo an rogha thosaíochta.
- 6.12 I gcás Comhaltaí a bhfuil taithí iardhochtúireachta acu is ag ósteagraíocht eile agus le meantóir Acadúil agus le foireann taighde eile a thabharfar tacaíocht dóibh seachas leo

¹⁴ Eisceacht is ea **Comhaltacht Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann** 1 bhliana amháin, ina bhfuil sé mar aidhm tráchtas dochtúireachta a chóiriú lena fhoilsiú.

siúd lena bhfuil siad fostaithe faoi láthair. Má tá eisceachtaí ón treoirlíne seo á n-iarraidh, beidh gá le fírinniú mionsonraithe acadúil faoin bhfáth arb é seo an rogha thosaíochta.

An Plean Oiliúna agus Forbartha Gairme

- 6.13 Éilítear ar an gcomhalta agus ar an meantóir Acadúil Plean Oiliúna agus Forbartha Gairme a chur le chéile d'fhonn plean cuimsitheach oibre a fhorbairt a mhairfidh ar feadh na Comhaltachta, agus i dtreo gairm dhinimiciúil a bhaint amach i ndiaidh thréimhse na comhaltachta.
- 6.14 Caithfear taifead a choimeád ar na gníomhaíochtaí Oiliúna agus Forbartha Gairm Bheatha uile a dhéanann an comhalta, agus ní foláir tuairisc a thabhairt orthu seo sna tuairiscí ar an dul chun cinn a chuirtear faoi bhráid na Comhairle.

Dualgais eile lasmuigh de théarmaí tagartha na Comhaltachta

- 6.15 Is é príomhdhualgas an chomhalta ná go n-éireodh leis/léi an Tionscadal Taighde ar thug an Chomhairle maoiniú dó/di ina leith a chur i gcrích.
- 6.16 Caithfidh comhaltaí obair lánaimseartha thaighde a dhéanamh i rith théarma an mhaoinithe, agus níor chóir dóibh páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht ar bith eile seachas forbairt a dhéanamh ar an tionscadal taighde luaithe agus ar an bPlean Forbartha Oiliúna agus Forbartha Gairm Bheatha.
- 6.17 Is modh riachtanach é múineadh chun eolas a struchtúru agus a dháileadh, agus ba chóir breathnú air mar sin mar ghníomhaíocht luachmhar i ngairmréim an chomhalta. Ligeann an Chomhairle do Chomhaltaí glacadh le hobair bhreise mar sin (m.sh. dualgais mhúinteoireachta, meantóireacht, soláthar oideachais agus gníomhaíochtaí tacaíochta) i rith na Comhaltachta, fad is:
- 6.17.1 go gcuirfidh an Comhalta ráiteas tacaíochta i scríbhinn óna m(h)aoirseoir acadúil faoi bhráid na Comhairle, agus go bhfaighidh sé cead i scríbhinn ón gComhairle roimh ré. Beidh fáil ar theimpléad chun na críche seo;
- 6.17.2 nach bhfuil an iomarca oibre i gceist (nach bhfuil níos mó ná iomlán 50 uair in aghaidh an téarma acadúil i gceist) agus nach gcuireann sí bac ar thaighdeoirí a ngníomhaíochtaí taighde a chur i gcrích;
- 6.17.3 go bhfuil an obair bainteach leis an taighde atá á mhaoiniú ag an gComhaltacht, agus i gcomhréir leis an bPlean Oiliúna agus Forbartha Gairm Bheatha atá comhaontaithe ag an gcomhalta agus an meantóir acadúil.
- 6.18 I gcásanna eisceachtúla, tá cead ag comhalta gabháil d'obair eile mar mhalairt ar obair theagaisc nó thaispeána atá curtha ar fáil:
- 6.18.1 go gcuirfidh an Comhalta ráiteas tacaíochta i scríbhinn óna m(h)aoirseoir acadúil faoi bhráid na Comhairle, agus go bhfaighidh sé cead i scríbhinn ón gComhairle roimh ré. Beidh fáil ar theimpléad chun na críche seo;
- 6.18.2 nach bhfuil an iomarca oibre i gceist (nach bhfuil níos mó ná iomlán 50 uair in aghaidh an téarma acadúil i gceist) agus nach gcuireann sí bac ar thaighdeoirí a ngníomhaíochtaí taighde a chur i gcrích;
- 6.18.3 go bhfuil an obair bainteach leis an taighde atá á mhaoiniú ag an gcomhaltacht, agus i gcomhréir leis an bPlean Oiliúna agus Forbartha Gairm Bheatha atá comhaontaithe ag an gcomhalta agus an meantóir acadúil.
- 6.19 Ní mór d'ósteagraíochtaí taifid agus ceadanna a choinneáil ar na dualgais bhreise nó eile a dhéanann comhaltaí, agus ba chóir dóibh a chinntiú go gcuirfí san áireamh i gcórais bhainteacha mheasúnachta/bhreithmheasa í agus go gcuirfeadh sí le forbairt ghairmiúil an chomhalta.
- 6.20 Ba chóir oiliúint fheiliúnach a chur ar fáil i ndáil leis na dualgais teagaisc mar chuid d'fhorbairt ghairmiúil comhaltaí.

- 6.21 Beidh an Chomhairle ag déanamh monatóireacht ar theagasc agus ar shocruithe eile dá leithéid mar chuid de na meicníochtaí tuairiscithe ar an dul chun cinn.
- 6.22 Is ar an gcomhalta agus ar an ósteagraíocht atá sé cúrsaí conartha agus luach saothair maidir le dualgais bhreise/eile a chomhaontú. Ní bheidh aon tionchar ag a leithéid d'íocaíochtaí as obair bhainteach ar shuim iomlán comhaltachta an chomhalta. Maidir le hobair ar luach saothair taobh amuigh den ósteagraíocht, beidh an comhalta faoi cheangal na rialacha a bhaineann le fostaithe comhchosúla ina (h)ósteagraíocht.
- 6.23 Mar choinníoll den Chomhaltacht, d'fhéadfadh an Chomhairle tabhairt ar an gcomhalta freastal ar a leithéid d'ócáidí nó cruinnithe, de réir mar a bhíonn siad eagraithe ag an gComhairle.

Dámhachtainí Breise

- 6.24 Níl sé beartaithe go gcuirfí an chomhaltacht in ionad airgid a bhfuil fáil air faoi bhearta de chuid cláir thaighde eile, ná go gcuirfeadh sí lena leithéid de mhaoiniú. D'fhéadfadh an scoláireacht a bheith ag duine ag a bhfuil sparánachtaí taistil, deontais trealaimh nó dámhachtainí eile atá maoinithe go seachtrach chomh maith, ar choinníoll:
- 6.24.1 má dhéanann an comhalta iarratas ar a thuilleadh maoinithe ó fhoinsé eile, cuirfidh sé/sí in iúl san iarratas sin (beag beann ar cibé acu an éilítear nó nach n-éilítear air/uirthi é a dhéanamh) go bhfuil Comhaltacht lardhochtúireachta de chuid na Comhairle aige/aici, agus go dtabharfaidh sé/sí fógra don Chomhairle sula gcuirfidh sé/sí an t-iarratas isteach;
- 6.24.2 nach fiú níos mó ná €20,000 an maoiniú eile in aon bhliain ar leith le linn thréimhse na comhaltachta. Tuigeann an Chomhairle, áfach, go bhfuil seans ann go mbronnfaí dámhachtainí ó am go ham, ar fiú níos mó ná an teorainn seo iad, ar Chomhalta go neamhspleách le linn théarma na comhaltachta, le haitheantas a thabhairt d'fhíorfhiúntas an chomhalta sin. Ina leithéid de chásanna, moltar do chomhaltaí gur féidir leo, i *gcásanna eisceachtúla*, agus ar bhonn cás ar chás amháin, a leithéid de mhórdámhachtainí pearsanta a bheith acu in éineacht leis an maoiniú atá curtha ar fáil ag an gComhairle. Tá glacadh lena leithéid de dhámhachtainí breise i rith théarma na comhaltachta faoi réir cead a fháil ón gComhairle *roimh ré*.
- 6.24.3 caithfidh comhaltaí a bhfuil foinsí maoinithe eile acu (seachas trí fhostaíocht íochta) amhail deontais taistil is araile, na hoifigí cuí ina IAO/EDT Éireannach agus an Chomhairle a chur ar an eolas i scríbhinn faoi mhéid agus faoi fhoinsé an mhaoinithe. Caithfear an t-eolas seo a bhreacadh síos sna tuairiscí ar an dul chun cinn is riachtanach freisin. Baineann sé seo le maoiniú taighde a fhaightear roimh, nó i rith thréimhse na comhaltachta;
- 6.24.4 go gcomhaontaíonn lucht an mhaoinithe eile gur ceadmhach Comhaltacht na Comhairle a choinneáil in éineacht lena ndámhachtainí féin. Ní bheidh baint ná páirt ag an gComhairle sna cinní a dhéanann eagraíochtaí maoiniúcháin eile/údaráis áitiúla ina leith sin.
- 6.25 Is é an comhalta féin, agus ní an Chomhairle ná an IAO/EDT Éireannach, a bheidh freagrach as saincheisteanna ó thaobh cánach de a eascraíonn de dhroim sparánachtaí nó dámhachtainí dá leithéid.

Aistriú Eolais

- 6.26 Tacaíonn an Chomhairle le tráchtáil aschur taighde mar atá leagtha amach in *“Inspiring Partnership - the national IP Protocol 2016: Policies and resources to help industry make good use of public research in Ireland (2012)”*¹⁵ agus *‘Putting public research to work for Ireland: Policies and procedures to help industry make good use of Ireland’s public research institutions’*.¹⁶

¹⁵ <http://www.knowledgetransferireland.com/ManagingIP/KTI-Protocol-2016.pdf>

¹⁶ <https://www.enterprise-ireland.com/en/Research-Innovation/Companies/IPP-Putting-public-research-to-work-for-Ireland.pdf>

- 6.27 Ní dhéanann an Chomhairle éileamh ar bith ar mhaoin intleachtúil mar gheall ar an gcomhaltacht.
- 6.28 Ní mór don ósteagraíocht rialacha agus nósanna imeachta a bhunú chun aon mhaoin intleachtúil a eascraíonn i rith na comhaltachta a chosaint agus a bhainistiú. Caithfidh na rialacha agus nósanna imeachta seo bheith de réir treoirlínte náisiúnta.

Polasaí Rochtana Oscailte

- 6.29 Tá an polasaí seo a leanas maidir le foilseacháin agus aschuir taighde a chur ar fáil i dtaisclanna rochtana oscailte ceaptha ag an gComhairle agus cuirfidh sí chun cinn é (glactar leis go mbeidh cásanna aitheanta i gceist ina mbeadh an seans nach féidir an méid seo a leanas a dhéanamh; sa chás sin ba cheart don chomhalta teagmháil a dhéanamh leis an meantóir Acadúil le haghaidh comhairle):
- 6.29.1 ní mór do na Comhaltaí go léir a bhfoilseacháin agus a n-aschur taighde eile, a eascraíonn as taighde atá maoinithe ag an gComhairle go hiomlán nó go páirteach, a thaisceadh i dtaisclann Teachta Oscailte, agus ba chóir go mbeadh na foilseacháin seo so-aimsithe go poiblí, inrochtana go hoscailte agus ath-inúsáidte chomh luath agus is féidir;
- 6.29.2 ba cheart gach alt irisleabhair agus gach foilseachán comhdhála a bhfuil athbhreithniú piaraí déanta orthu a thaisceadh chomh luath agus is féidir, nuair a ghlacann an iris/chomhdháil leo, más féidir, agus ag am nach déanaí ná dáta an foilsithe fhoirmiúil;
- 6.29.3 ba cheart aschur taighde eile amhail monagraif, leabhair, caibidíl leabhair, tráchtas taighde agus tuarascálacha a thaisceadh nuair is féidir;
- 6.29.4 ba cheart go mbeadh an taisclann ina taisclann institiúideach áitiúil más féidir, agus ba chóir na cearta cuí a bhronnadh uirthi macasamhlú chuig taisclanna eile. Is ionann taisclanna cuí idir áitiúil agus eile, áfach, agus iadsan a chuireann teacht poiblí saor in aisce ar fáil, agus a dhéanann foráil do chaomhnú fadtéarmach torthaí taighde foilsithe;
- 6.29.5 ba chóir do thaisclanna na meiteashonraí a scaoileadh láithreach i ndiaidh an taiscthe. Ba chóir teacht oscailte a chur ar fáil ar an téacs iomlán páipéir láithreach tar éis dó a bheith taiscthe, nó tar éis do na srianta teachta a bhíonn éilithe ag foilsitheoirí áirithe tar éis dul in éag;
- 6.29.6 Ba chóir do Chomhaltaí téarmaí taise a chomhaontú le foilsitheoirí. Ba chóir soiléireacht a lorg maidir le beartais chóipchirt, cheadúnaithe agus lánchoisc agus caithfear cloí le beartais arna gcomhaontú le foilsitheoirí. Féadfar srianta rochtana a chur i bhfeidhm ar ailt lántéacs de réir mar a éilíonn foilsitheoirí áirithe iad, ach ba chóir nach mairfeadh na srianta sin níos faide ná sé mhí de ghnáth i ndiaidh a bhfoilsithe i gcás foilseachán taighde i réimsí eolaíochta, teicniúla agus eolaíochta sláinte nó dhá mhí dhéag i gcás aschur taighde sna healaíona, sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta. Tuigeann an Chomhairle áfach go bhfuil seans ann nárbh é seo an rogha ab indéanta i ngach uile chás; d'fhéadfaí mar sin lánchoisc ionchais nach mó ná fiche-ceathair mí ar fhad a éascú sna dána, sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta, ach beidh sé seo faoi réir athbhreithniú leanúnach.

Tá breis eolais faoin mBeartas Iontrála Oscailte le fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle ag http://research.ie/sites/default/files/irc_open_access_policy_final_1.pdf

Faomhadh Eitice

- 6.30 Ní fhéadfaidh an Chomhairle maoiniú a bhronnadh i leith gníomhaíocht taighde faoi aon cheann de na réimsí toirmiscithe seo a leanas:
- 6.30.1 daoine a chlónáil chun críche atáirgeadh;

- 6.30.2 modhnú géiniteach a dhéanamh ar dhaoine sa chaoi is go bhféadfaí a leithéid d'athruithe a dhéanamh ina dtréithe inoidhreacht (cé is moite de thaighde a bhaineann le cóir leighis le haghaidh ailse ghónad, a d'fhéadfaí é a mhaoiniú);
- 6.30.3 suthanna daoine a chruthú chun críche taighde nó chun críche gaschealla a fháil, agus an cuspóir nó na cuspóirí sin amháin, trí aistriú núicléas cille sómaí san áireamh;
- 6.31 Tá an Chomhairle tiomanta d'ardchaighdeáin eiticiúla a choimeád sa taighde a mhaoiníonn sí tríd an gcomhaltacht seo.
- 6.32 Ní foláir nó go mbeidh treoirínite soiléire eiticiúla agus nósanna imeachta dearbhaithe i bhfeidhm ag an ósteagraíocht chun taighde faoina stiúir a bhainistiú.
- 6.33 Ba chóir do Chomhaltaí cloí leis na cleachtais eiticiúla agus leis na bunphrionsabail eiticiúla aitheanta a bhfuil glacadh leo ina ndisciplín(i), agus leis na caighdeáin eiticiúla arna leagan síos sna Cóid Eitice éagsúla ar an leibhéal náisiúnta, eanála nó institiúideach.
- 6.34 Ceanglaítear ar chomhaltaí dianmhachnamh a dhéanamh ar shaincheisteanna eiticiúla a thagann aníos le linn a c(h)ud taighde.
- 6.35 Má thagann saincheisteanna eiticiúla chun cinn ina gcuid taighde, beidh ar chomhaltaí ráiteas i scríbhinn a chur faoi bhráid na Comhairle le rá go ndearnadh lánmhachnamh ar impleachtaí eiticiúla an togra taighde. Ní foláir don ráiteas léiriú níos mionsonraithe a thabhairt ar an réiteach atá ar intinn ag an gcomhalta maidir leis an tsaincheist eiticiúil atá tagtha chun cinn.
- 6.36 Nuair a bhíonn faomhadh ó choiste eitice na hollscoile nó óna choibhéis de chomhlacht ina (h)ósteagraíocht de dhíth ar thogra taighde an chomhalta, caithfidh sé go mbeidh fianaise i scríbhinn ar an bhfaomhadh eiticiúil seo faighte ag an gComhairle, sula dtosóidh na gníomhaíochtaí a bhfuil an faomhadh eiticiúil de dhíth dóibh, ach gan é a bheith níos déanaí ná trí mhí tar éis thús na comhaltachta.
- 6.37 Ní foláir don ósteagraíocht agus don chomhalta a chinntiú go gcomhlíonann an taighde na riachtanais náisiúnta agus idirnáisiúnta uile a rialaíonn úsáid ábhar nó próiseas íogair, mar shampla na nithe seo a leanas (agus ní liosta uileghabhálach é seo): iseatóip radaighníomhacha, radaíocht ianúcháin, ainmhithe saotharlainne nó ainmhithe eile, orgánaigh phataigineacha, orgánaigh ghéinmhodhnaithe, substaintí tocsaineacha agus guaiseacha, agus taighde ar dhaoine agus ar shuthanna daonna.
- 6.38 Má bhíonn teacht ar ábhar cartlainne atá i gcoimeád príobháideach, nó ar ábhar cartlainne ar a bhfuil teacht teoranta ag teastáil le haghaidh an tionscadail, beidh gá le fianaise scríofa ar chead cuí breathnú ar an ábhar seo a chur ar fáil don Chomhairle.

Gné Gnéis/Inscne

- 6.39 Tá an doiciméad '[Gender Strategy & Action Plan 2013–2020](http://research.ie/sites/default/files/irish_research_council_gender_action_plan_2013_-2020.pdf)' (Straitéis agus Plean Gníomhaíochta Gnéis na Comhairle, 2013–2020) ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle¹⁷.
- 6.40 Ceanglaítear ar gach comhalta dianmhachnamh a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil aon ghné fhéideartha bhitheolaíoch ghnéis agus/nó inscne a d'fhéadfadh teacht aníos le linn a c(h)uid taighde.
- 6.41 Sa chás ina bhfuil comhalta páirteach in eagrú painéil comhdhála, líonraithe nó scaipthe a bhaineann leis an tionscadal taighde atá ar bun aige nó aici, ba chóir go dtabharfaí aird chúil ar chothromaíocht inscne ar an bpainéal nó ar na painéil sin.

¹⁷ http://research.ie/sites/default/files/irish_research_council_gender_action_plan_2013_-2020.pdf

Ionracas Taighde

Ní mór don ósteagraíocht a áirithiú go gcoimeádtar an leibhéal is airde d'iompar taighde. Caithfidh an ósteagraíocht a chinntiú go bhfuil próisis fhoirmiúla chothroma éifeachtacha i bhfeidhm chun líomhaintí faoi mhí-iompraíocht taighde a imscrúdú (m.sh. bradaíl, falsú nó cumadh sonraí, roghnú míchuí sonraí, mí-úsáid cistí taighde) nuair a dhéantar iad. Ní mór do na próisis sin, mar aon leis na nósanna imeachta comhaontaithe i dtaobh líomhaintí faoi mhí-iompar taighde a imscrúdú, a bheith trédhearcach agus a bheith poiblithe go soiléir. Ba chóir go mbeadh na córais a bheadh i bhfeidhm chun mí-iompraíocht taighde a bhainistiú i gcomhréir chomh maith leis na bunphrionsabail atá mar bhonn agus taca ag macántacht taighde agus dea-chleachtas ar bith mar a mhínítear sa ráiteas polasaí náisiúnta ar [Mhacántacht Taighde a Chinntiú in Éirinn](#)¹⁸ agus an [Cód Eorpach Iompraíochta ar son Macántacht Taighde](#)¹⁹. Tá ceangal ar an ósteagraíocht tuairisc a chur faoi bhráid na Comhairle i dtaobh gach toradh ar chás inar cruthaíodh gur tharla mí-iompar taighde a eascraíodh as tionscadal taighde atá maoinithe ag an gComhairle.

Aitheantas a thabhairt do Thacaíocht Comhaltachta na Comhairle

- 6.42 Ní foláir nó go mbeidh faomhadh an mheantóra acadúil ag gach foilseachán beartaithe a eascraíonn as an obair taighde sula ndéantar é a fhoilsiú.
- 6.43 Ní mór aitheantas a thabhairt do mhaoiniú atá faighte ón gComhairle sa phoiblíocht go léir, lena n-áirítear léachtaí poiblí, agallaimh, síniúcháin ríomhphoist, cinn litreach, comharthaí oifige, foilseacháin, monagraif, ábhair chlóite, ábhair ar líne, preaseisiúintí, fógraí teilifíse agus raidió, láithreáin ghréasáin, scannáin, físeáin agus taifid fuaimne a bhaineann le taighde atá déanta ag an gcomhalta, nó a eascraíonn as agus comhaltacht de chuid na Comhairle á fáil aige/aici.
- 6.44 D'ainneoin an cheanglais go gcuirfeadh síos sa tuarascáil ar dhul chun cinn ar an bpoiblíocht uile agus ar na nithe uile a baineadh amach (féach Cuid 10), má tá comhaltaí chun páirt a ghlacadh in aon imeachtaí tábhachtacha, lena n-áirítear duais nó bonn a bhuachan, a gcuid taighde a bheith á scaipeadh go poiblí nó tuairisc a bheith orthu sna meáin, ní mór dóibh an Chomhairle a chur ar an eolas faoi sin roimh ré.

7. CÚRSAÍ AIRGEADAIS

An Chomhaltacht a Íoc

- 7.1 Faoi réir chloí an chomhalta, an mheantóra, agus na hósteagraíochta leis na téarmaí agus na coinníollacha seo go léir, agus faoi réir tuairiscí sásúla a bheith faighte ag an gComhairle ar dhul chun cinn na comhaltachta, íocfar an chomhaltacht le IAO/EDT Éireannach an chomhalta ar bhonn ráithe roimh ré, ag tosú leis an gcéad tráthchuid tar éis thús na comhaltachta.
- 7.2 Déantar na híocaíochtaí uile i leith Comhaltachtaí Iardhochtúireachta le IAO/EDT Éireannach an chomhalta. Ní aistríonn an Chomhairle aon airgead chuig an gcomhalta go díreach.
- 7.3 Déanfaidh an IAO/EDT Éireannach íoc na dámhachtana leis an gcomhalta a chomhordú ansin. Is faoin gcomhalta atá sé teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Taighde bhainteach (nó a coibhéis) san IAO/EDT Éireannach maidir le riarachán san IAO/EDT Éireannach.
- 7.4 Is é an comhalta, i gcomhpháirt lena m(h)eantóir Acadúil, atá freagrach as cúrsaí airgeadais a pheleanáil agus as airgead a chaitheamh go cuí le linn an téarma maoinithe de réir Chlásal 5.1.
- 7.5 Braitheann íoc na Comhaltachta Iardhochtúireachta go hiomlán ar mhaoiniú a bheith á fháil go fóill ag an gComhairle ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Má chuirtear deireadh lena leithéid de mhaoiniú nó má laghdaítear é, ní bheidh an Roinn Oideachais agus Scileanna ná an Chomhairle faoi dhliteanas ar bith maoiniú a chur ar fáil ná cúiteamh a dhéanamh le comhalta as aon laghdú ar an maoiniú seo, ná as é a chur ar ceal.

¹⁸Féach <http://www.iaa.ie/publication/view/national-policy-statement-on-ensuring-research-integrity-in-ireland/> chun sonraí a fháil

¹⁹Féach ar http://www.esf.org/fileadmin/Public_documents/Publications/Code_Conduct_ResearchIntegrity.pdf chun sonraí a fháil

Cuntasacht ó Thaobh Airgid de

- 7.6 Is í an IAO/EDT Éireannach a bheidh freagrach as úsáid cheart an Mhaoinithe Comhaltachta agus cuntasach aisti.
- 7.7 Coimeádann an Chomhairle de cheart aici féin deimhniú a lorg ó iniúcháirí seachtracha an IA/EDT Éireannaigh maidir leis na nithe seo a leanas:
- 7.7.1 go bhfuil cuntais bhliantúla an IA/EDT cothrom le dáta, agus gur ghlac na hiniúcháirí leo gan choinníoll;
- 7.7.2 nár tarraingíodh aon cheist anuas sa litir bhainistíochta ó na hiniúcháirí a d'imir tionchar suntasach nó a d'fhéadfadh tionchar suntasach a imirt ar riar na gcomhaltachtaí a bhíonn bronnta ag an gComhairle;
- 7.7.3 gur úsáideadh an t-airgead a fuarthas faoin gcomhaltacht chun na críche ar bronnadh é lena haghaidh.
- 7.8 Coimeádann an Chomhairle de cheart aici féin chomh maith iniúchtaí a choimisiúnú ar an IA/EDT rannpháirteach lena chinntiú go bhfuil sí ag comhlíonadh na riachtanas airgeadais mar aon le riachtanais eile. Glacann an IA/EDT Éireannach uirthi féin athbhreithniú den sórt seo a éascú go hiomlán.
- 7.9 Ní ghlacann an Chomhairle le freagracht airgeadais ná le haon fhreagracht eile as caiteachas ná as dliteanas a eascraíonn as obair a gcuirtear maoiniú ar fáil di faoin gcomhaltacht agus ní mór don IAO/EDT Éireannach an Chomhairle a shlánú go hiomlán in aghaidh an chaiteachais agus na ndliteanas uile den chineál sin, agus in aghaidh aon chaingne, imeachtaí, chostais, damáiste, nó éilimh a eascraíonn astu, lena n-áirítear, go háirithe, ach gan teorainn, in aghaidh aon éilimh ar chúiteamh a bhféadfadh an IAO/EDT Éireannach a bheith faoina dhliteanas mar fhostóir nó ar bhealach eile, nó in aghaidh aon éilimh a dhéanann aon duine maidir le haon mhaoin intleachtúil.
- 7.10 Tabharfaidh an IA/EDT Éireannach aon airgead gan chaitheamh ar ais don Chomhairle ag deireadh théarma an mhaoinithe.

8. ATHBHREITHNIÚ AR AN DUL CHUN CINN

- 8.1 Creideann an Chomhairle go bhfuil tábhacht shuntasach ag baint le nósanna imeachta i ndáil le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht taighde agus le dul chun cinn éifeachtach faoin gcomhaltacht a chinntiú.
- 8.2 Beidh ar an gComhalta tuarascáil chuimsitheach a chur faoi bhráid na Comhairle go bliantúil, agus tuairisc níos giorra a chur faoina bráid i lár na bliana.
- 8.3 Beidh an comhalta freagrach as a chinntiú go gcuirtear na tuairiscí go léir ar dhul chun cinn isteach in am. D'fhéadfadh sé go gcuirfí an chomhaltacht ar ceal mura gcuirtear na tuairiscí agus na tuarascálacha seo isteach in am.
- 8.4 Tá an fhormaid do na tuairiscí agus do na tuarascálacha seo le fáil ón gComhairle, agus cuimseoidh an fhormaid seo:
- nuashonrú airgeadais;
 - dul chun cinn san fhorbairt gairme;
 - dul chun cinn i dtaobh taighde agus aschur taighde;
 - gníomhaíochtaí for-rochtana.
- 8.5 Ní mór measúnú faoi rún ar dhul chun cinn na comhaltachta ón gcomhalta féin agus ón meantóir acadúil a chur isteach in éineacht leis na tuarascálacha sin.

- 8.6 Iarrfaidh an Chomhairle tuairiscí ar an gcomhalta agus ar an maoirseoir acadúil a bheidh le cur isteach acu tríd an gcóras ar líne.
- 8.7 Beidh a leithéid de thuairiscí agus de thuarascálacha, chomh maith le fianaise eile ar ghnóthachtáil, amhail faomhadh foirmiúil na hinstitiúide, ina gceanglas chun leanúint den mhaoiniú.
- 8.8 Mura gcuireann an comhalta na tuairiscí ar an dul chun cinn faoi bhráid na Comhairle in am is i dtráth, nó má fhaigheann an Chomhairle tuairiscí ar an dul chun cinn nó measúnachtaí nach bhfuil sásúil, cuirfear an comhalta ar an eolas faoin tuairisc mhíshásúil. Beidh cead ag an gcomhalta tuarascáil athmheasta a sheoladh isteach arís. Coimeádann an Chomhairle de cheart aici féin coiste athbhreithnithe a thionól chun measúnacht a dhéanamh ar an gcomhaltacht go nuige sin, de réir na dtáirgí insoláthartha a leagadh síos sa togra a cuireadh faoi bhráid na Comhairle ar an gcéad dul síos (lena n-áirítear an plean taighde agus torthaí beartaithe, agus an Plean Oiliúna agus Forbartha Gairme).
- 8.9 Má iarrtar é, ní mór don chomhalta agus don mheantóir acadúil freastal ar chruinnithe leis an gComhairle chun tuairisc chun dáta a thabhairt ar dhul chun cinn nó ar thorthaí na comhaltachta.
- 8.10 Sa chás go dtionólann an Chomhairle coiste athbhreithnithe, féadfaidh an Coiste seo ionchur smachta a lorg ó shaineolaithe a d'fheidhmigh mar mheastóirí, de réir mar is gá. Tabharfaidh an Chomhairle aiseolas don chomhalta le cur in iúl:
 - 8.10.1 go raibh an tuairisc sásúil ar gach bealach agus go leanfar den chomhaltacht;
 - 8.10.2 nach raibh an tuairisc sásúil ar roinnt bealaí agus na bearta ar leith atá le déanamh laistigh de thréimhse shonraithe ama chun í a réiteach;
 - 8.10.3 go dtugann an tuairisc le fios nach bhfuil dul chun cinn sásúil déanta agus go bhféadfadh sé go gcuirí an chomhaltacht ar fionraí nó ar ceal.
- 8.11 Féadfaidh an Chomhairle an chomhaltacht a chur ar fionraí nó ar ceal sa chás go measfadh sí gur gá sin tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an eolas agus ar na tuairiscí anseo thuas.
- 8.12 Seans go mbeidh gá le hiniúchadh seachtrach taighde agus airgeadais a dhéanamh ar gach comhaltacht.
- 8.13 Is é meantóir acadúil an chomhalta a bheidh freagrach as an gComhairle a chur ar an eolas ar an bpointe más rud é go bhfágann an Comhalta an óstinstitiúid nó más rud é nach bhfuil a d(h)óthain ama á chaitheamh ná a d(h)óthain iarrachta á déanamh ag an gcomhalta leis an gcomhaltacht.
- 8.14 Ní foláir don Chomhalta teagmháil a dhéanamh leis an oifig chúí ina IAO/EDT má tá imní ar bith air/uirthi faoina c(h)omhaltacht. Má tá imní air/uirthi go fóill, ní mór don chomhalta teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an gComhairle.
- 8.15 Is faoin gcomhalta atá sé an Chomhairle a chur ar an eolas i scríbhinn faoi aon athrú ar sheoladh, ar uimhir ghutháin nó ar sheoladh ríomhphoist tráth nach déanaí ná dhá sheachtain i ndiaidh an athraithe. Ba chóir athruithe dá leithéid a chur in iúl trí leathanach próifíle an chomhalta ar an gcóras ar líne. D'fhonn teagmháil a éascú, iarrtar ar Chomhaltaí aon seoladh ríomhphoist amháin a úsáid le haghaidh gach píosa comhfhreagrais, ón iarratas go dtí an dámhachtain, agus ar feadh na comhaltachta chomh maith.
- 8.16 Éilítear ar na comhaltaí sonraí teagmhála a lua sa tuarascáil deiridh nó ar shlí eile a iarrfaidh an Chomhairle ionas go bhféadfaidh an Chomhairle gairm na dtaighdeoirí a rianú. Déanfaidh an Chomhairle suirbhé tréimhsiúil ceann scríbe ar na daoine siúd a fuair agus a chríochnaigh comhaltachtaí, agus comhaontóidh an comhalta comhoibriú trí fhreagra a thabhairt air sin. Má thagann athrú ar shonraí teagmhála comhalta nuair a bheidh an dámhachtain curtha i gcrích, iarrtar ar an gcomhalta sonraí cothrom le dáta a sholáthar ar a leathanach próifíle sa chóras ar líne.

9. IARCHUR AGUS FOIRCEANNADH

Iarchur na Comhaltachta

- 9.1 Ní fhéadfar comhaltachtaí a chur siar nó ar fionraí seachas le haghaidh sosanna incháilithe gairme. Áirítear le sosanna gairme incháilithe saoire mháithreachais, saoire atharthachta, saoire uchtaíoch, saoire bhreiteachta fhada, nó saoire chúramóra. Beidh gá le fianaise dhoiciméadach ar shos gairme incháilithe má táthar chun scoláireacht a chur siar nó a chur ar fionraí. Beidh foirm theimpléid ar fáil chun iarchur nó fionraí a iarraidh. Is faoi lánrogha na Comhairle a bheidh an cinneadh ina leith seo, ar cinneadh é a bheidh críochnaitheach.
- 9.2 Sa chás go n-aontaítear an chomhaltacht a chur ar fionraí, féadfaidh an Chomhairle iarratais ón gcomhalta ar shintí ar an Téarma Maoinithe a chur faoi chaibidil ar chuntar nach bhfuil costais bhreise i gceist leo.

Beartas i dtaobh Saoire Mháithreachais

- 9.3.1 I gcás comhaltaí ar mian leo saoire mháithreachais a ghlacadh, is féidir leo a iarraidh go gcuirfí a ndámhachtain ar fionraí. Beidh fáil ar fhoirm iarratais i bhfoirm teimpléid chun cead a iarraidh ón gComhairle. Nuair a bheidh cead faighte, cuirfear an chomhaltacht ar fionraí ar feadh na tréimhse saoire máithreachais a iarradh agus déanfar dáta nua a ríomh i dtaobh dheireadh na dámhachtana. Ní mór an Chomhairle a chur ar an eolas, i scríbhinn, faoin dáta ar a measfar a thosóidh an tsaoire mháithreachais ceithre seachtaine ar a laghad roimh ré.
- 9.3.2 Ba cheart do Chomhaltaí teagmháil a dhéanamh leis an IAO/EDT maidir leis an tsaoire mháithreachais bheartaithe. De réir bheartas inmheánach IAO i leith saoire máithreachais íochta, d'fhéadfadh go mbeadh roinnt Comhaltaí incháilithe do shaoire mháithreachais íochta. Má dhearbhaíonn an Oifig Taighde in institiúid an Chomhalta go bhfuil Comhalta i dteideal saoire máithreachais íochta, soláthróidh an Chomhairle (i) íocaíocht bhreise anuas ar shochar an stáit (nach mór iarratas a dhéanamh uirthi má tá duine ina teideal) nó (ii) clúdóidh siad méid iomlán Thuarastal Comhaltachta an Chomhalta ón gComhairle um Thaighde in Éirinn ar feadh suas go 6 mhí.
- 9.3.3 Ba chóir do chomhaltaí teagmháil dhíreach leis an Roinn Coimirce Sóisialaí chun fiosrú an bhfuil siad i dteideal sochair máithreachais. Beidh ar an gComhalta doiciméid ón oifig coimirce sóisialaí a chur ar fáil ina ndearbhaítear toradh a n-iarratais ar shochar máithreachais stáit nó ráiteas faoi neamhincháilitheacht le haghaidh shochair stáit. Beidh an maoiniú a chuirfidh an Chomhairle um Thaighde in Éirinn mar íocaíocht bhreise anuas ar shochair stáit nó chun saoire mháithreachais íochta a chlúdach mar airgead breise anuas ar mhéid tosaigh an Chiste Comhaltachta.
- 9.3.4 Tá an [“Beartas i leith Saoire Máithreachais”](#) de chuid na Comhairle ar fáil ar a láithreán gréasáin²⁰.

Foirceannadh na Comhaltachta

- 9.4 Tuigeann an Chomhairle go bhféadfadh sé gur mhian le comhalta deireadh a chur lena c(h)omhaltacht go luath, bíodh sé ar chúiseanna pearsanta, gairmiúla nó ar chúiseanna eile. Níor chóir an cinneadh seo a dhéanamh gan dul i ndáil chomhairle leis an gComhairle *roimh ré*.
- 9.5 Sa chás nach féidir le comhalta a t(h)ionscadal a dhéanamh de réir na dTearmaí agus na gCoinníollacha seo ar chúis ar bith (cúiseanna sláinte san áireamh), ní foláir don Chomhalta agus don mheantóir acadúil an Chomhairle agus an oifig taighde nó a coibhéis san IAO/EDT Éireannach a chur ar an eolas chomh luath agus is féidir. Ní mór don chomhalta é seo a dhéanamh taobh istigh de dhá sheachtain tar éis dá leithéid de chás a bheith curtha ar a shúile dó/di. Ina leithéid de chásanna, tabharfaidh an Chomhairle aird ar na coinbhinsiúin a bhfuil glacadh leo in IAO/EDT an chomhalta. I bhfianaise an bhoinn ar a mbronntar na comhaltachtaí, áfach, forchoimeádan an Chomhairle an ceart chun an chomhaltacht a tharraingt siar nó a chur ar fionraí.
- 9.6 I gcásanna ina bhfuil sé de rún ag an gcomhalta deireadh a chur leis an gcomhaltacht go luath, beidh cruthúnas ag teastáil ón gComhairle ar an dul chun cinn acadúil a cuireadh i gcrích roimh an dáta deiridh.
- 9.7 Má mheasann an Chomhairle nach leor an dul chun cinn a rinne an comhalta, féadfaidh an Chomhairle iallach a chur ar an gcomhalta nó ar an IAO/EDT Éireannach, nó ar an mbeirt acu, an t-airgead a tugadh dóibh a aisíoc.

²⁰ http://research.ie/sites/default/files/irish_research_council_maternity_leave_policy_final_2016.pdf

- 9.8 Más é an comhalta a chuireann deireadh le comhaltacht, ní bheidh an Chomhairle freagrach as leanúint d'airgead a íoc leis an IAO/EDT Éireannach. D'fhéadfadh an Chomhairle iarracht a dhéanamh an t-airgead arna leithdháileadh nó arna úsáid a ghnóthú go hiomlán nó go páirteach.
- 9.9 Coimeádann an Chomhairle aici féin an ceart chun an scoláireacht a chur ar fionraí nó ar ceal agus/nó aisíocaíocht a éileamh ar an IAO/EDT Éireannach más rud é gurb amhlaidh, i dtuairim na Comhairle, go ndearnadh sárú ábhartha ar na Téarmaí agus Coinníollacha mar a leagtar amach sa cháipéis seo iad.

10. Freagrachtaí na hÓsteagraíochta

- 10.1 Tá sé mar riachtanas sna téarmaí agus coinníollacha seo go gcomhaontóidh IAO/EDT an chomhalta agus an comhalta féin conradh fostaíochta chun téarma an mhaoinithe a chumhdach.
- 10.2 Ní mór don IAO/EDT glacadh leis an bhfreagracht ar fad as an obair thaighde go léir atá maoinithe faoin gcomhaltacht a bhainistiú agus a rialú, chomh maith le monatóireacht a dhéanamh uirthi, agus as an gciste comhaltachta a bhainistiú.
- 10.3 Caithfidh an IAO/EDT a chinntiú go gceapfar meantóir acadúil agus é/í freagrach as tacú leis an gComhalta agus as é/í a threorú. Bheadh an meantóir acadúil seo ina phríomhthaighdeoir i bhformhór na gcásanna, nó ina dhuine eile atá cáilithe go cuí.
- 10.4 Is í an institiúid ardoideachais nó an eagraíocht déanta taighde a bheidh freagrach as na saoráidí agus as rochtain ar an trealamh a theastóidh ón gcomhalta leis an taighde a dhéanamh a chur ar fáil, agus as a chinntiú go gcoinneofar an trealamh agus na hábhair ar fad a chuirtear ar fáil don chomhaltacht faoi dhea-bhail agus go mbíonn fáil ag taighdeoirí eile orthu faoi réir téarmaí agus coinníollacha réasúnta.
- 10.5 Ní mór don ósteagraíocht na ceadanna riachtanacha agus reachtúla go léir a fháil agus cloí leo faoi mar atá leagtha síos ag na húdaráis áitiúla agus náisiúnta maidir le cosaint an chomhshaoil, truailliú a bhac agus cosaint níos leithne ar shláinte agus ar shábháilteacht na sochaí a áirithiú.

11. COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA COMHALTACHTA

- 11.1 Beidh na Téarmaí agus na Coinníollacha seo faoi rialú dhlí na hÉireann agus forléireofar dá réir sin iad, agus géillfidh gach páirtí do dhlínse Chúirteanna na hÉireann go sainráite agus go neamhinchúlghairthe.
- 11.2 Déanfaidh an Chomhairle a dícheall nósanna imeachta a ghlacadh atá ag teacht le beartais Rialtas na hÉireann i ndáil leis an tsochaí faisnéise a fhorbairt agus, dá réir sin, caithfear le ríomhtheachtaireachtaí arna bhfiordheimhniú go cuí amhail is dá mba i scríbhinn a bhí siad ó thaobh an dlí de.
- 11.3 Ní mór don Chomhairle agus don Institiúid Ardoideachais/Eagraíocht Déanta Taighde deachleachtas a chomhlíonadh maidir le cosaint, bainistiú agus slándáil sonraí. Ní bheidh an Chomhairle faoi aon dliteanas dlíthiúil de dheasca cur isteach arna dhéanamh ag tríú páirtí.
- 11.4 Nuair a ghlacann Comhalta le Comhaltacht, caithfidh sé/sí cead a thabhairt don Chomhairle sonraí maidir leis an iarratas a roinnt le ranna rialtais agus le gníomhaireachtaí maoinithe náisiúnta eile chun críocha staidrimh agus ceaptha polasaí.
- 11.5 Coimeádann an Chomhairle de cheart aici féin Téarmaí agus Coinníollacha na Comhaltachta seo a leasú ag am ar bith. Cuirfear aon leasú den sórt sin in iúl do na IAnna/EDTanna rannpháirteacha, agus cuirfear in airde ar láithreán gréasáin na Comhairle é chomh maith.

12. DÍNIT I mBUN TAIGHDE

- 12.1 Tacaíonn an Chomhairle le córas taighde ina gcuirtear ar a gcumas do thaighdeoirí lán a n-acmhainneachta a bhaint amach ag gach céim dá ngairm. Tá comhaltaí agus a gcuid meantóirí i dteideal a gcuid taighde a chur i gcrích gan aon chineál ciaptha, íosparta ná bulaíochta a bheith á dhéanamh orthu. Tá an fhreagracht ar institiúidí ardoideachais timpeallacht chuí oibre a áirithiú agus déileáil go tapa le gearán nó fadhb ar bith, I gcomhréir leis na gnáthaimh chasaoide atá comhaontaithe. Tá ráiteas iomlán na Comhairle ar dhínit i mbun taighde ar fáil ag: http://research.ie/sites/default/files/irc_open_access_policy_final_1.pdf.
- 12.2 Tá foireann go léir na Comhairle i dteideal go gcaithfí leo go míinte measúil i gcónaí agus, dá réir sin, spreagtar iad chun tuairisc a thabhairt don lucht bainistíochta ar chás sáraithe ar bith. I gcásanna ina dtéann iompar maslach nó iompar míchuí i bhfeidhm ar bhaill foirne, coimeádann an Chomhairle aici féin an ceart chun tuairisc a thabhairt ar an iompar sin do na daoine cúí san institiúid ardoideachais só san eagraíocht eile lena mbaineann an duine.